Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/49

10.1.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/49 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 9 Eanáir 2025**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/2074 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Samhain 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2017/2074 ([1]).

(2) An 4 Lúnasa 2024, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') dearbhú thar ceann an Aontais inar luadh go bhfuil súil á coinneáil ag an Aontas i gcónaí ar a bhfuil ag titim amach i Veiniséala agus gur cúis mhór imní dó é, lena n-áirítear an toghchán uachtaránachta a reáchtáladh an 28 Iúil 2024 i Veiniséala nár chomhlíon na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le sláine toghcháin. Luadh sa dearbhú freisin nach féidir na torthaí oifigiúla ón toghchán a d'fhoilsigh Comhairle Náisiúnta Toghcháin Veiniséala (CNE) an 2 Lúnasa 2024 a aithint gan na taifid vótála oifigiúla a bheith foilsithe acu. Luadh sa dearbhú freisin gur cúis mhór imní don Aontas an méadú atá ag teacht ar líon na ndaoine atá á gcoinneáil go treallach agus an ciapadh leanúnach atá á dhéanamh ar an bhfreasúra, agus d'iarr sé ar údaráis Veiniséala deireadh a chur leis an gcoinneáil threallach, leis an gcos ar bolg agus leis an reitric fhoréigneach i gcoinne chomhaltaí an fhreasúra agus na sochaí sibhialta, agus gach príosúnach polaitiúil a scaoileadh saor.

(3) An 24 Lúnasa 2024, d'eisigh an tArdionadaí an dara dearbhú thar ceann an Aontais maidir leis na forbairtí iarthoghcháin, dearbhú inar cuireadh in iúl gur cúis mhór imní don Aontas i gcónaí an ghéarchéim pholaitiúil atá ag dul in olcas i Veiniséala. Luadh sa dearbhú freisin nach nglacfar ná nach n-aithneofar ach torthaí iomlána atá infhíoraithe go neamhspleách chun a áirithiú go n-urramófar toil mhuintir Veiniséala, agus go leanfaidh an tAontas d'idirphlé faoi stiúir Veiniséala a éascú lena dtabharfar ráthaíochtaí don dá thaobh agus lena n-athbhunófar an daonlathas agus lena réiteofar an ghéarchéim dhaonnúil shocheacnamaíoch atá sa tír faoi láthair.

(4) Sna conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2024, dúirt an Chomhairle Eorpach gur chúis mhór imní di i gcónaí an staid i Veiniséala agus na sáruithe i réimse chearta an duine a tuairiscíodh tar éis thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024. Thathantaigh sí ar údaráis Veiniséala toil dhaonlathach mhuintir Veiniséala a urramú agus deireadh a chur leis an bhforéigean, leis an gcos ar bolg, agus le ciapadh an fhreasúra agus na sochaí sibhialta. Ina theannta sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí sin nach mór príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor, agus nach nglacfar ná nach n-aithneofar ach torthaí iomlána atá infhíoraithe go neamhspleách. Dúradh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach freisin go leanfaidh an tAontas de bheith ag obair lena chomhpháirtithe réigiúnacha chun tacú le muintir Veiniséala i dtaobh a mianta daonlathacha agus go bhfuil sé faoi réir chun tacú le haistriú cuiditheach cuimsitheach ina mbeidh ráthaíochtaí don dá thaobh, chun sáinn pholaitiúil na tíre a réiteach agus chun institiúidí daonlathacha a athbhunú go síochánta. Thairis sin, chuir an Chomhairle Eorpach in iúl sna conclúidí uaithi go bhfuil an tAontas faoi réir chun na hionstraimí uile atá ar fáil dó a úsáid chun tacú leis an daonlathas i Veiniséala.

(5) I bhfianaise a bhfuil tite amach le déanaí i Veiniséala agus an easpa dul chun cinn atá déanta i dtreo idirphlé faoi stiúir Veiniséala as a dtiocfaidh athbhunú an daonlathais agus an smachta reachta, agus i bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí maidir le cearta an duine sa tír, measann an Chomhairle gur cheart 15 dhuine a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh (CBES) 2017/2074 ón gComhairle an 13 Samhain 2017 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Veiniséala (IO L 295, 14.11.2017, lch. 60, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/2074/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Eanáir 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

A. SZŁAPKA

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/49/oj

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/2074:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '56. | Caryslia Beatriz RODRÍGUEZ RODRÍGUEZ | Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ) agus Uachtarán Dhlísheomra Toghcháin TSJ<br><br>Dáta breithe: 16.7.1967<br><br>Áit bhreithe: Maracay, Aragua<br><br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br><br>Uimhir aitheantais (Cédula):<br><br>8671555<br><br>Inscne: baineann | Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ) agus Uachtarán Dhlísheomra Toghcháin TSJ ó bhí mí Eanáir 2024 ann. Ina cáil mar Uachtarán ar an Dlísheomra Toghcháin, tá Caryslia Beatriz Rodríguez Rodríguez freagrach as an dearbhú go raibh bua fógartha Nicolás Maduro i dtoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024 doshéanta, cé nár nocht TSJ na sonraí vótála mionsonraithe ar a raibh a rialú bunaithe agus in ainneoin neamhrialtachtaí sa bhainistiú a rinne an Chomhairle Náisiúnta um Thoghcháin (CNE) ar an bpróiseas toghcháin.<br><br>Ina cáil mar Uachtarán ar Dhlísheomra TSJ, tá sí freagrach freisin as cur isteach ar thoghcháin tosaigh an fhreasúra, rud a chuir bac ar ullmhú an fhreasúra do thoghchán uachtaránachta mhí Iúil 2024.<br><br>Dá bhrí sin, bhain gníomhaíochtaí Caryslia Beatriz Rodríguez Rodríguez an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 57. | Fanny Beatriz MÁRQUEZ CORDERO | Leas-Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ) agus Dhlísheomra Toghcháin TSJ<br><br>Dáta breithe: 5.2.1969<br><br>Uimhir cárta aitheantais náisiúnta (Cédula): 6272864<br><br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br><br>Inscne: baineann | Leas-Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ) agus Dhlísheomra Toghcháin Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala. Sa ról sin, bhí baint ag Fanny Beatriz Márquez Cordero leis an dearbhú ón TSJ go raibh an bua ag Nicolás Maduro i dtoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024, cé nár nocht TSJ na sonraí vótála mionsonraithe ar a raibh a rialú bunaithe agus in ainneoin neamhrialtachtaí sa bhainistiú a rinne an Chomhairle Náisiúnta um Thoghcháin (CNE) ar an bpróiseas toghcháin.<br><br>Dá bhrí sin, bhain gníomhaíochtaí Fanny Beatriz Márquez Cordero an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 58. | Inocencio Antonio FIGUEROA ARIZALETA | Breitheamh i nDlísheomra Bunreachtúil Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ).<br>Dáta breithe: 17.12.1959<br>Uimhir aitheantais náisiúnta (Cédula): 5016509<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Breitheamh i nDlísheomra Bunreachtúil Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ). Sa ról sin, thacaigh sé le Dlísheomra Toghcháin TSJ leis an dearbhú go raibh an bua ag Nicolás Maduro i dtoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024, cé nár nocht TSJ na sonraí vótála mionsonraithe ar a raibh a rialú bunaithe agus in ainneoin neamhrialtachtaí sa bhainistiú a rinne an Chomhairle Náisiúnta um Thoghcháin (CNE) ar an bpróiseas toghcháin.<br>Dá bhrí sin, bhain gníomhaíochtaí Inocencio Antonio Figueroa Arizaleta an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 59. | Malaquías GIL RODRÍGUEZ | Breitheamh, Uachtarán ar Dhlísheomra Polaitiúil agus Riaracháin Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ)<br>Dáta breithe: 27.2.1960<br>Áit bhreithe: Carache, Stát Trujillo, Veiniséala<br>Uimhir aitheantais náisiúnta (Cédula): 5352190<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Breitheamh, ag feidhmiú mar Uachtarán ar Dhlísheomra Polaitiúil agus Riaracháin Chúirt Bhreithiúnais Uachtarach Veiniséala (TSJ) ó bhí 2022 ann. Sa phost sin, bhí baint ag Malaquías Gil Rodríguez le cinneadh an Dlísheomra ceannaire an fhreasúra María Corina Machado a dhícháiliú mar iarrthóir i dtoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024, i mí Eanáir 2024.<br>Dá bhrí sin, bhain gníomhaíochtaí Malaquías Gil Rodríguez an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 60. | Antonio José MENESES RODRÍGUEZ | Ardrúnaí Chomhairle Náisiúnta Toghchán Veiniséala (CNE)<br>Dáta breithe: 10.12.1980<br>Uimhir aitheantais (Cédula): V14316687<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Ardrúnaí Chomhairle Náisiúnta Toghchán Veiniséala (CNE) ó bhí mí Lúnasa 2023 ann. Sa ról sin, chuir Antonio José Meneses Rodríguez moill ar na próisis sna hionaid toghcháin agus chuir sé cosc ar ghlacadh le teachtaireachtaí ón bhfreasúra a bhí dírithe ar CNE agus a bhí ag nochtadh neamhrialtachtaí. Sular thosaigh sé ar a ról in CNE, shínigh sé doiciméad de chuid na hUasoifige Iniúchóireachta inar deimhníodh gur cuireadh cearta toghchánacha cheannaire an fhreasúra, María Corina Machado, ar fionraí.<br>Dá bhrí sin, tá Antonio José Meneses Rodríguez freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 61. | Carlos Enrique QUINTERO CUEVAS | Leas-Uachtarán Chomhairle Náisiúnta Toghcháin Veiniséala (CNE)<br>Dáta breithe: 16.2.1972<br>Pasuimhir: 10719241<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Leas-Uachtarán Chomhairle Náisiúnta Toghcháin Veiniséala (CNE). Ina cháil mar Leas-Uachtarán ar CNE, ghlac Carlos Enrique Quintero Cuevas páirt iomlán i bpróiseas cinnteoireachta CNE, rud a chuir bac ar phróiseas toghcháin trédhearcach agus ar scaoileadh torthaí cruinne toghcháin agus, dá bhrí sin, bhí ról ríthábhachtach aige i mbainistiú thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024.<br>Dá bhrí sin, bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 62. | Conrado Ramón PÉREZ BRICEÑO | Príomh-Reachtaire Chomhairle Náisiúnta Toghchán (CNE) Veiniséala<br>Dáta breithe: 24.4.1954<br>Áit bhreithe: Stát Trujillo, Veiniséala<br>Uimhir aitheantais náisiúnta (Cédula): 4323185<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Príomh-Reachtaire Chomhairle Náisiúnta Toghchán (CNE) Veiniséala ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2024 ann. Chuaigh sé isteach in CNE mar Reachtaire malartach agus mar Chomhalta de Bhord Náisiúnta Toghchán CNE i mí Lúnasa 2023.<br>Ina róil mar Reachtaire malartach agus mar Chomhalta de Bhord Náisiúnta Toghcháin CNE, ghlac Conrado Ramón Pérez Briceño páirt i gcinntí CNE maidir le bainistiú an phróisis toghcháin, rud a chuir bac ar phróiseas toghcháin trédhearcach agus ar scaoileadh torthaí cruinne toghcháin agus, dá bhrí sin, bhí ról ríthábhachtach aige i mbainistiú thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024.<br>Dá bhrí sin, bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 63. | Rosalba GIL PACHECO | Príomh-Reachtaire Chomhairle Náisiúnta Toghchán Veiniséala (CNE) agus Uachtarán Choimisiún na Clárlainne Sibhialta agus Toghchán, agus Comhalta de Choimisiún um Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Maoiniúchán CNE<br>Dáta breithe: 18.3.1965<br>Uimhir aitheantais náisiúnta (Cédula): 6186648<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: baineann | Príomh-Reachtaire Chomhairle Náisiúnta Toghchán Veiniséala (CNE) agus Uachtarán Choimisiún na Clárlainne Sibhialta agus Toghchán, agus Comhalta de Choimisiún um Rannpháirtíocht Pholaitiúil agus Maoiniúchán Chomhairle Náisiúnta Toghchán (CNE) Veiniséala ó bhí mí Lúnasa 2023 ann.<br>Ina ról mar Phríomh-Reachtaire CNE, ghlac Rosalba Gil Pacheco páirt i gcinntí CNE maidir le bainistiú an phróisis toghcháin, rud a chuir bac ar phróiseas toghcháin trédhearcach agus ar scaoileadh torthaí cruinne toghcháin agus, dá bhrí sin, bhí ról ríthábhachtach aici i mbainistiú thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024.<br>Dá bhrí sin, bhain a cuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 64. | Luis Ernesto DUEÑEZ REYES | Ionchúisitheoir Cúnta, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí i Veiniséala<br>Dáta breithe: 20.9.1988<br>Áit bhreithe: San Cristobal, Veiniséala<br>Uimhir aitheantais náisiúnta (Cédula): 18880942<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Ionchúisitheoir Cúnta in Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí i Veiniséala. Sa ról sin, bhí Luis Ernesto Dueñez Reyes páirteach in ionchúiseamh polaitiúil Edmundo González Urrutia, iarrthóir uachtaránachta an fhreasúra dhaonlathaigh.<br>Tá Edmundo González Urrutia á ionchúiseamh as iliomad “coireanna” polaitiúla, agus mar thoradh air sin cuireadh iallach air dul ar deoraíocht.<br>Dá bhrí sin, bhain gníomhaíochtaí Luis Ernesto Dueñez Reyes an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 65. | Edward Miguel BRICEÑO CISNEROS | Breitheamh Speisialta, Céad Chúirt Chéadchéime Veiniséala<br>Uimhir aitheantais (Cédula):<br>V-17514632<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Breitheamh Speisialta na Chéad Cúirte Chéadchéime a bhfuil dlínse aige ar chásanna a bhaineann le coireanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht, agus a bhfuil an inniúlacht aige coireanna a bhaineann leis an éilliú agus leis an gcoireacht eagraithe a éisteacht. Sa ról sin, d’eisigh Edward Miguel Briceño Cisneros barántas gabhála an 2 Meán Fómhair 2024 le haghaidh Edmundo González Urrutia, iarrthóir uachtaránachta an fhreasúra dhaonlathaigh.<br>Tá Edmundo González Urrutia á ionchúiseamh as iliomad “coireanna” polaitiúla, agus mar thoradh air sin cuireadh iallach air dul ar deoraíocht.<br>Dá bhrí sin, tá Edward Miguel Briceño Cisneros freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala agus bhain a chuid gníomhaíochtaí an bonn den daonlathas agus den smacht reachta i Veiniséala. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 66. | Alexis José RODRÍGUEZ CABELLO | Stiúrthóir, Seirbhís Bholavarach um Fhaisnéis Náisiúnta (SEBIN)<br>Dáta breithe: 1.10.1965<br>Uimhir aitheantais (Cédula):<br>V-8959785<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Stiúrthóir na Seirbhíse Bolavaraí um Fhaisnéis Náisiúnta (SEBIN). Cheap Nicolás Maduro é sa ról sin an 14 Deireadh Fómhair 2024.<br>Bhí baint ag Sebin le sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear maruithe seachbhreithiúnacha, coinneáil threallach, agus cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala.<br>Mar stiúrthóir SEBIN, tá Alexis José Rodríguez Cabello freagrach as sáruithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha i réimse chearta an duine, agus cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 67. | Miguel Antonio MUÑOZ PALACIOS | Leas-Stiúrthóir na Seirbhíse Bolavaraí um Fhaisnéis Náisiúnta (SEBIN)<br>Dáta breithe: 12.7.1964<br>Pasuimhir: 6186648<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Leas-Stiúrthóir na Seirbhíse Bolavaraí um Fhaisnéis Náisiúnta (SEBIN) ó bhí 2021 ann. Rinne Oifigigh SEBIN gníomhartha coinneála treallacha faoina mhaoirseacht, mar aon le céastóireacht agus íde atá cruálach agus mídhaonna, lena n-áirítear foréigean gnéasach, in ionad coinneála “El Helicoide”, príosún de chuid SEBIN.<br>Ina cháil mar Leas-Stiúrthóir SEBIN, tá Miguel Antonio Muñoz Palacios freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear coinneáil threallach, íde atá mídhaonna agus táireach, céastóireacht, agus cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 68. | Elio Ramón ESTRADA PAREDES | Ceannasaí Gharda Náisiúnta Bolavarach Veiniséala (GNB)<br>Dáta breithe: 2.12.1966<br>Áit bhreithe: Caracas, Veiniséala<br>Uimhir aitheantais (Cédula):<br>6857541<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Ceannasaí Gharda Náisiúnta Bolavarach (GNB) ó bhí mí Iúil 2023 ann.<br>Mar cheannasaí ar GNB, bhí baint ag Elio Ramón Estrada Paredes le gníomhaíochtaí tromchúiseacha lenar sáraíodh cearta an duine, lena n-áirítear coinneáil threallach, céastóireacht agus íde atá cruálach agus mídhaonna, agus cos ar bolg a imirt ar an tsochaí sibhialta agus ar an bhfreasúra dhaonlathach i Veiniséala tar éis thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024.<br>Sular ceapadh é ina Cheannasaí ar GNB i mí Iúil 2023, bhí Elio Ramón Estrada Paredes i gceannas ar na Póilíní Náisiúnta Bolavaraí (PNB) ó mhí na Bealtaine 2019 go dtí mí Iúil 2023, ag déanamh maoirseacht ar oibríochtaí lenar sáraíodh cearta an duine.<br>Dá bhrí sin, tá Elio Ramón Estrada Paredes freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach i Veiniséala. | 10.1.2025 |
| 69. | Asdrúbal José BRITO HERNÁNDEZ | Stiúrthóir na Roinne Imscrúduithe Coiriúla (DEIPC)<br>Dáta breithe: 6.1.1974<br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br>Inscne: fireann | Stiúrthóir na Roinne Imscrúduithe Coiriúla (DEIPC) in Ard-Stiúrthóireacht na Frithfhaisnéise Míleata (DGCIM) ó 2021 i leith.<br>Tá DEIPC i gceannas ar imscrúduithe a dhéanamh agus fianaise a fháil i gcoinne easaontóirí agus an lucht freasúra, chomh maith le sainchomhaid a chur i dtoll a chéile ina bhfuil faisnéis faoi daoine ar féidir spriocdhíriú orthu. Ina theannta sin, gabhann DEIPC daoine ar ar spriocdhíríodh agus stiúrann sé ceistiú na ndaoine atá á gcoinneáil in Boleíta – ceanncheathrú DGCIM agus áit aitheanta ina ndéantar líon an-ard sáruithe agus coireanna i réimse chearta an duine, go háirithe an chéastóireacht.<br>Ina cháil mar Stiúrthóir DEIPC, tá Asdrúbal José Brito Hernández freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine, lena n-áirítear an chéastóireacht, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde a bheith á tabhairt do dhaoine atá á gcoinneáil i saoráidí DGCIM, a dhéanann comhaltaí DEIPC atá faoina cheannas, go háirithe in Ionad Coinneála Boleíta. | 10.1.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 70. | Domingo Antonio HERNÁNDEZ LÁREZ | Ceannasaí Oibríochtúil Straitéiseach Fhórsaí Armtha Náisiúnta Bolavaracha Veiniséala (FANB)<br><br>Dáta breithe: 9.3.1964<br><br>Pasuimhir: 6133376<br><br>Náisiúntacht: Veiniséalach<br><br>Inscne: fireann | Ceannasaí Oibríochtúil Straitéiseach Fhórsaí Armtha Náisiúnta Bolavaracha Veiniséala (FANB) ó bhí 2021 ann. Bhí baint ag FANB le sáruithe i réimse chearta an duine le linn an cos ar bolg a imríodh ar léirsithe síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta an 28 Iúil 2024.<br><br>Ina ról mar Cheannasaí Oibríochtúil Straitéiseach ar FANB, tá Domingo Antonio Hernández Lárez freagrach as comhtháthú, pleanáil, clársceidealú, treorú, forghníomhú, maoirseacht, ceannas agus rialú oibríochtúil straitéiseach ar oibríochtaí slándála. Trína shlabhra ceannais díreach, tá sé freagrach as sáruithe i réimse chearta an duine a rinne comhaltaí FANB, lena n-áirítear maruithe, gabhálacha treallacha agus cos ar bolg ar an bhfreasúra. | 10.1.2025’. |